

## More Unraveling Practice

### Homework for February 5

A couple of months ago we had some explicit practice in "unraveling" Irish grammar, independent of vocabulary, especially when we get those one-sentence paragraphs with multiple clauses. People seemed to think that was a good activity, so here are some more samples from Tuirisc to practice on.

Translate the stuff below – you won't have much context, these are from several different articles – but focus on connecting the various parts of the sentence, of figuring out what goes where. I suggest you:

1. Study the grammar before you reach for your dictionary. See how much of the "what goes with what" you can figure out first.
2. Mark it up! Draw circles or arrows or connect things with lines.
3. Consider breaking these sentences up into two or three sentences that would say the same thing.

For this activity, getting the gist isn't enough, you have to be able to explain how you got there.

B'ait leis nach raibh aon tagairt sa chlár faoin haischlib #nílséagl a raibh an oiread sin búis fúithi ar Twitter go raibh sí ag treochtáil in Éirinn ar feadh tamaill, go háirithe ar chlár nuachta ar stáisiún a mbíonn go leor gleo acu faoi thábhacht na meán sóisialta agus na n-ardán nua.

Tá daoine ar m'aithne gur Gaeilgeoirí líofa agus ó dhúchas iad ag dul i dtuilleamaí na mbogearraí seo chun ábhar scríofa Béarla a ghiniúint agus a tháirgeadh.

An rud atá ag déanamh inní domsa ná an luas ag a dtiocfaidh an leigheas nó an t-amscála a thógfaidh sé an leigheas a fháil.

Tá ceist an Achta Gaeilge ar cheann de na constaicí is mó a bhfuil bac á chur acu ar athbhunú Fheidhmeannas Stormont.

Is cosúil go gcreideann na siopadóirí éagsúla go bhfuil séasúr ar leith ann gur féidir an cineál seo éadaigh a chur chun cinn ar an gcaoi chéanna a mbíonn bicínithe le feiceáil ar díol go coitianta ó mhí Bealtaine ar aghaidh nó cotaí geimhridh i dtús an fhómhair.

Ba é an chaoi go raibh duine nó beirt sa teach foilsitheoireachta a fhoilseoidh leabhar mo chara tar éis a bheith ag plé cheana féin leis an dréacht a bhí idir lámha againn, ach fágadh an t-uafás botún sa téacs.

*January 29, 2018*

*Gaeltacht Minnesota: Will's Class*

Deir an t-údar Darach Ó Séaghdha, a bhfuil iníon aige, Lasairfhíona, a bhfuil siondróm Down uirthi go bhfuil an baol ann go dtabharfadh ábhar atá á scaipeadh ag an ngrúpa Love Both, atá i mbun feachais in aghaidh aisghairm an ochtú leasú ar an mBunreacht, le tuiscint do leanaí nach bhfuil grá ag a dtuismitheoirí dóibh.

Agus sé cinn de leabhair i nGaeilge agus sé chamchuart phoiblíochta curtha díom agam féin, tá cleachtadh maith agam ar sheomraí leathfholmha, ar chairn leabhar nár díoladh, ar na frásaí a bhíonn ag lucht shiopaí leabhar agus ag foilsitheoirí chun scríbhneoir a shíleann siad a mbeadh díomá air a chur ar a shuaimhneas.